

Lúcás 2:41-52

Théadh a thuismitheoirí gach bliain go hIarúsailéim i gcóir féile na Cásca. Agus nuair a bhí sé dhá bhliain déag, chuaigh siad suas de réir ghnás na féile; agus nuair a bhí na laethanta caite acu, agus iad ag fillleadh, d'fhan an buachaill Íosa in Iarúsailéim ina ndiadh, gan fhios dá thuismitheoirí. Shíl siad gur ar an gcomplacht a bhí sé, agus ar theacht dóibh siúl aon lae, bhí á log i measc a ngaolta agus a lucht aitheantas, agus nuair nach bhfuair siad é, chuaigh siad ar ais go Iarúsailéim á lorg. I gcionn trí lá fuair siad sa Teampall é ina shuí i measc na máistrí ag éisteacht leo agus ag cur ceisteanna chucu. Agus bhí alltacht ar chách a bhí ag éisteacht leis mar gheall ar a thuiscint agus ar a fhreagraí. Nuair a chonaic siad é, ghabh iontas iad, agus dúirt a mháthair leis: "A mhic, cad chug a ndearna tú é seo orainn? Féach, bhí d'athair agus mé féin do do lorg go cráite." Agus dúirt sé leo: "Cad chuige a mbeadh sibh do mo lorg? Nach raibh a fhios agaibh gur i dteach m'Athar nárbh fholáir dom bheith?" Ach níor thuig siad an focal a labhair sé leo. Agus chuaigh sé síos in éineacht leo agus tháinig go Nazarat, agus bhí sé faoina smacht. Agus thaiscigh a mháthair go dílis na nithe seo uile ina croí. Agus bhí Íosa ag dul ar aghaidh in eagna agus i bpearsa agus i ngrásta i láthair Dé agus daoine.


1. Cén t-áit urnaí a tugadh san áit a bhfuarthas Íosa?

2. Cá maith leat guí?

3. Cad iad na focail a d'úsáidfeá le cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a

mhothaigh Muire nuair a d'aimsigh sí Íosa tar éis tréimhse chomh fada sin ag breathnú?

Tarraing pictiúr de mháthair Íosa 'agus é á fháil sa Teampall.



Agus tú ag ceiliúradh Lá na Máthar agus ag smaoineamh ar an scéal seo cén chaoi ar mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as do mháthair?

Sé do Bheatha, a Mhuire, Sé do bheatha, a Mhuire, atá lán de ghrásta, tá an Tiarna leat. Is beannaithe thú idir mhná, agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa. A Naomh Mhuire, a mháthair Dé, guigh orainn, na peacaigh, anois agus ar uair ár mbáis. Amen.